


Nuachtlitir Choláiste Chillíain



Deireadh Fómhair 2026



Nuachtlitir Choláiste Chilllain



Deireadh Fómhair 2026

Fáilte ar ais a dhaltaí agus a mhuinteoirí chuig an scoilbhliain nua 2026/27 agus más dalta nó tuismitheoir na chéad bhliaina tú, tá fáilte romhaibh chuig Cólaiste Chilllain. Sa nuachtlitir seo beimid ag clúdú topaicí ar nós spórt, imeachtaí, oideachas agus caint na scoile.



An Gaelbhratach

Is í an Ghaeilge teanga na scoile i gColáiste Chilllain agus déanaimid iarracht í a cheiliúadh agus a chur chun cinn i gcónaí.

Le cabhrú linn sin a dhéanamh i mbliana, cuireadh coiste Ghaelbhrataigh le chéile le daltaí na scoile faoi stiúir ár gcúntóir teanga, Teigan Ní Mhóráin. An aidhm atá ag an nGaelbhratach ná brat a bhuachan dár scoil trí Ghaeilge a chur chun cinn idir imeachtaí lán-Ghaeilge a eagrú, comórtais Ghaeilge a eagrú agus ceachtanna spraoiúla a chur ar fáil. I measc na n-imeachtaí a eagraíodh an téarma seo, bhí maidin chaife ann do thusimitheoirí agus seanthuismitheoirí sa scoil. Maidin álainn a bhí ann agus gabhaimid buíochas leo siúd a d'eagraigh í!

An Coiste Glas

Cuireadh coiste glas le chéile san idirbhlian leis na daltaí a spregadh le bheith níos glaine. Pléadh bealaí difriúla chun do lorg charbóin a laghdú agus thángthas ar go leor bealaí difriúla. Samplai ná gur féidir leat siúl nó rothaíocht seachas carr a úsáid. Chomh maith leis sin, is féidir do chuid taistil a laghdú ar eitleán. Fresin, is féidir níos lú teasa a úsáid sa teach. Laghdóidh na rudaí seo ar fad do lorg charbóin mar laghdófar an méid breosla iontaise atá á chur amach san atmaisféar. Má dhéanaimid ar fad ár gcuid féin, beidh an ceantar i bhad níos glaine!



Oíche Oscailte 2026

Tháinig daltaí ó rang 6 ar cuairt chun na scoile lena dtuismitheoirí agus caomhnóirí ar an 1ú lá de mhí Dheireadh Fómhair. Bhí daltaí ó na bunscoileanna éagsúla i láthair agus ina measc, bhí Gaelscoil na Camóige, Gaelscoil Chluain Dolcáin agus Scoil Chrónáin. Chuaigh na daltaí bunscoile ar thuras timpeall na scoile agus labhair siad leis na múinteoirí éagsúla faoi na hábhair éagsúla.

Chomh maith leis sin, chabhraigh daltaí Choláiste Chilliaín go mór leis an ócáid seo. Tá siad le moladh go hard! Táimid ag tnúth go mór le bualadh leis na daltaí nua an bhliain seo chugainn!

Cuairt Rang a 5 agus Rang a 6

Tháinig Rang a 5 agus a Rang a 6 ó Ghaelscoil Chluain Dolcáin, Gaelscoil na Camóige agus Scoile Chrónáin ar cuairt ar Choláiste Chilliaín ar an 23ú Meán Fómhair. Bhí siad ag foghlaim faoi na hábhair dhifriúla, agus ag tabhairt faoi ranganna gairde 15 nóiméad leis na hábhair a thriail. D'imir siad roinnt cluichí éagsúla chun blas a fháil den ábhar. Bhí ranganna Tírealaíochta, Staire, Gaeilge, Béarla Srl ar siúl acu l rith an lae. Bhain na daltaí ar fad an-sult as.

Tús Nua do Bhliain a 1 – Agallamh le Amelia Ní Anluain agus
Ben Mac Siacais

Thosaigh bliain a 1 i mbliana sa choláiste. Cuireadh trí rang le chéile: Rang Giúise, Rang Draighin agus Rang Beithe. Cuireadh agallamh ar bheirt dhaltaí faoi chonas atá ag éirí leo go dtí seo. Seo cad a bhí le rá acu:

Ceisteanna:

1. C = **An bhfuil tú ag socrú isteach?**

F = Amelia: Tá, taitníonn na ranganna difriúla agus na hábhair difriúil .

2. C = **Cad atá tú ag súil le an bhliain seo?**

F = Amelia: Tá mé ag súil leis an turas go dtí an Ghaeltacht.

3. C = **Cad é an t-ábhar is fearr leat?**

F = Amelia: Taitníonn Stair liom mar gheall ar an múinteoir.


Ben:

4. C = **Cén múinteoir is fearr leat, cén fáth?**

F = Amelia: Is í Catherine an múinteoir is fear liom mar tá sí cineálta.

Ben: Is é piaras an múinteoir is fear liom mar tá sé an-greannmhar.

Grianghraif ón Oíche Oscailte agus Cuairt Rang a 5 agus Rang a 6



Oíche Shamhna

Rinneamar agallamh ar Bella Ní Rua, Diolúin ó Floinn agus Saibh Ní Mhaoláin ó bhliain 1, Tighe Mac Muiris agus Sophia Jardine ní Chonchúir ó bhliain 2 faoina gcuid pleananna d'Oíche Shamhna. Seo hiad na freagraí a bhfuaireamar.

Ceisteanna agus Freagraí

1. Cad a ghléasfaidh tú suas mar d'Oíche Shamhna?
2. An bhfuil aon phleananna agat d'Oíche Shamhna
3. Cad iad na milseáin is fearr leat?

Freagraí:

1. Leopaírd, Michael Jackson, Men in black, Meganite agus creacadóir.
2. Rachaidh mé amach le cairde chun bob nó bia dhéanamh. Íosfaidh mé go leor milseáin. Freastlóidh mé ar chóisir mo charad agus rachaidh mé chuig Farmaphobia le mo chairde.
3. Haribos, Milkyway, Criospaí Tayto, Skittles agus Rolos

Téarmaí Oíche Shamhna as Gaeilge

Tá a fhios againn go bhfuil sibh ar fad ag súil go mór leis an mbriseadh lár théarma agus d'Oíche Shamhna agus mar sin tá foclóir againn a mbeidh úsáideach daoibh d'Oíche Shamhna.

Bob nó bia = trick or treating

Creatlach = skeleton

caileach = witch

tine cnámh = bonfire

tinte ealaíne = fireworks

diabhal = devil

Ialtóg/sciathán leathair = Bat

Vampír = Vampire

Púca/Taibhse = Ghost

Leac uaighe = gravestone

Teach Taibhse = Haunted house

An Spórt sa Choláiste

Camógaíocht

Bhí dhá chluiche iontacha ag na foireann camógaíochta faoi 16 agus faoi 18. Bhí bua iontach ag an bhfoireann faoi 16 i gcoinne Coláiste an Phiarsaigh ar an dara lá de mhí Mheán Fómhair le scór de 4:6 go dtí 2:3 .

Tá na caillíní tríd go cluiche leath cheannais anois.

Faraor chaill an fhoireann faoi 18 dhá chluiche i gcoinne foireann láidir Lucan Community College agus Loretto i Sord.

Cispheil

D'imir an fhoireann cispheile faoi 19 cailíní dhá chluiche le déanaí. D'imir siad i gcoinne Tallaght Community School ar an 1/10/26 agus i gcoinne Old Bawn ar an 15/10/26. Ar an drochuair chaill siad an dá chluiche ach d'imir na cailíní go hionach agus bhí an scór an-ghar.

Peil Ghaelach

Bhí cluichí thar a beith rathúil á n-imirt ag an bhfoireann peile faoi 16 cailíní. D'imir siad in aghaidh Gael Coláiste Na Phiarsaigh i Rathfarnáin. Bhí tús láidir ag Coláiste Chilliaín agus ag an deireadh bhí an bua acu. Bhí an scór 5-3 go 0-4.

Sacair

Beidh an chéad chluiche don fhoireann sacair faoi 19 ar siúl ar an 16ú de mí Deireadh Fómhair in aghaidh St Paul's CBS san ionad phobail i gCluain Dolcáin, Go n-éirí go mór leo.

Iománaíocht

Bhí tús dona ag an foireann faoi 16 nuair a chailltear go dtí Holy Family. Sa dara cluiche bhí bua maith acu, agus d'éirigh leo an ceathrú cheannais a bhaint amach. Beidh níos mó cluichí tar éis an brise.

Grianghraif den Spórt





Ceardlann JFK leis an Idirbhliain

Grianghraif ón gceardlann



Ceardlann Idirbhliana JFK

Bhí ceardlann ar siúl faoi dhúnmharú JFK ar an dara lá de mhí Mhéan Fomhair. Labhair an aoichainteoir faoi na heachtraí ar fad a tharla ó thús go deireadh lá an dúnmharaithe. Chomh maith leis sin, labhair sé faoi na hamhrastaigh a bhí páirteach sa chás. Thaispeáin sé roinnt gunnaí agus fianaise eile dúinn a bhí thar a bheith suimiúil. Freisin bhí bileog oibre le líonadh isteach acu agus bhí deis acu a méarlorg a dhéanamh agus fuíoll gunna a aimsiú. Bhain daltaí na hidirbhliana an-sult as.

Torthaí na Sraithe Sóisearaí

Torthaí

Fuair dream na hIdirbhliana a dtorthaí ón tSraith Shóisearach ar an 7ú lá de mhí Dheireadh Fómhair. D'éirigh go hiontach leo ar fad agus bhí na múinteoirí an-bhródúil astu! Maith sibh Bliain a 4!



Siamsaíocht

Ainm Na ranganna

L	O	W	G	T	E	I	L	E	M	F	P	R	D	D	D	U	F
Q	H	D	A	R	A	C	H	B	G	U	A	P	L	U	F	B	P
G	I	U	I	S	E	Y	M	C	O	I	D	A	C	B	C	C	P
C	J	I	U	C	O	I	L	L	E	N	R	S	A	M	E	U	I
R	S	E	I	C	E	A	M	A	R	N	A	J	I	A	A	F	B
C	U	I	L	L	I	N	E	Q	L	S	I	O	T	I	D	R	E
I	U	I	R	B	M	J	H	Z	L	E	G	A	H	L	A	O	I
C	A	O	R	T	H	A	I	N	N	O	H	Z	N	P	S	I	T
R	U	O	R	Z	R	T	T	T	I	I	I	I	E	E	R	G	H
L	E	A	R	O	I	G	E	E	L	G	N	Q	G	Q	T	E	E
H	G	A	X	Y	J	E	F	F	O	E	C	X	L	D	E	I	J
J	A	D	M	F	E	A	A	I	T	I	L	T	J	N	O	X	B

Find the following words in the puzzle.


Words are hidden → and ↓ and ↘

DRAIGHIN
GIUISE
BEITHE
CAITHNE
AITIL
LEAROIGE
CUFROIGE

MAILPE
COILLE
TEILE
CAORTHAINN
IUIR
SEICEAMAR
CEADAS

FEA
DARACH
CUILLIN
FUINNSEOIGE

Crosfhocal na Múinteoirí



Across

4. Máthair Leanne.
7. I gceannas ar Comhairle na nDaltaí.
10. Iar-imreoir do Gailimhe sa pheil gaelach.
11. Is í an cathaoirleach do Áras Chrónáin.
12. An múinteoir is craiceáilte.
15. Téann sé ag iascaireacht.
17. Maigh Eo abú!
18. Tá gach dalta níos airde ná í.
19. Duine de na 'Algebros'. (Ní Dáithí)
21. Rúnaí na scoile.
23. An bhean leis an gcarraig mhór ar a méar.
25. Leathdeirfiúr Dot.
29. 'Bonjour!'
32. "Ní ghlacaim le leagmheasarthacht." (As Béarla)
36. Is féidir leis do thaisceadán a oscailt.
37. An leantóir is mó Shamrock Rovers.
38. An bainisteoir do cispheil.

Down

1. Tugann sí aire do Sona.
2. Leantóir VFB Stuttgart.
3. An fear a eagraíonn an turas sciála chuile bhliain.
4. Déanann sí ranganna pianó.
5. Príomhoide na scoile.
6. Múinteoir ceimice i gceannas ar na scrúdaithe.
8. Déanann sé turgnaimh sa bhialinn do Seachtain na hEolaíochta.
9. "Fan isteach ag am lóin."
10. "An dtuigeann muid ar fad? Ja nó Nein?"
11. Leathchúpla sa scoil. (Ní Valerie)
13. Iníon Georgina.
14. Tá ceathrar páistí agus dhá madra aici.
16. Tagann sí isteach roimh am lóin agus bíonn sí ag tabhairt amach.
17. Rinne sí an 'Iron Man' (an rás) i 2013.
20. Cócaire na scoile.
22. Réitíonn sí fadhbanna gach duine.
24. An t-imreoir don chlub Cumann an Chloighthí (Round Towers).
26. An bhfuil sí ag dul chuig an t-aerfort leis an mála sin?
27. Tagann sí ar scoil ar maidin agus fágann sí sa thrathnóna.
28. Baill den banna 'The Jeremiahs'.
30. "Ar seiceáil tú do fhón isteach?/An bhfuil do fhón isteach sa púitse?"
31. Ná labhairt leis muna bhfuil a chaife aige.
33. Leathdeirfiúr Sandra.
34. Comhordanóir na hIdirbhliana.
35. Is í Picasso.